

Teachtaireacht ón bPríomhchigire go dtí Suíomhanna Luathfhoghlama agus Chúraim

[Bliain Acadúil 2021-22]

Agus míonna an tsamhraidh ag teacht chun deiridh agus leanaí ag filleadh ar shuíomhanna Luathfhoghlama agus Chúraim (LFC), táim ag déanamh teagmhála leat anois chun na socruithe maidir le hobair chigirí na Roinne Oideachais leis na suíomhanna LFC ó mhí Mheán Fómhair 2021 a chur in iúl duit.

Ach, ar dtús, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a d'fhoghlaimíomar ón obair iontach a rinne na suíomhanna LFC agus na pobaile scoile le bliain anuas, agus fiú, ó thosaigh an phaindéim. Le linn na tréimhse sin, thug na cigirí suntas mór ar na hiarrachtaí den scoth a rinne go leor ceannairí, múinteoirí, cleachtóirí, boird, foireann tacaíochta, úinéirí agus bainisteoirí scoile agus suímh, leis na suíomhanna LFC agus scoileanna a choinneáil ag feidhmiú go sábháilte agus go héifeachtach do leanaí agus do dhaoine óga agus chun tacú leo agus lena dteaghlach sa bhaile nuair a raibh iallach ar scoileanna agus suíomhanna dúnadh. Tá cuir chuige nuálacha agus chruthaitheacha na gcleachtóirí oideachais ar fud an chórais oideachais feicthe againn agus iad ag déanamh gach iarrachta an taithí oideachais is fearr a chur ar fáil do na leanaí óga atá faoina gcúram. Chonaiceamar cé mhéad suíomhanna LFC a d'fhorbair taithí foghlama nua taobh amuigh san aer a spreag na foghlaimeoirí is óga atá againn agus a chuir fuinneamh iontu. Agus d'éirigh linn aird a bheith againn ar bhealach nua agus an-réadúil ar ról na scoileanna agus na suíomhanna LFC i saol na leanaí agus a dtuismitheoirí.

Tuigeann na cigirí go rímhaith maidir le héifeacht COVID ar gach duine atá bainteach le cúrsaí oideachais – go háirithe na leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Agus tá a fhios againn go bhfuil a lán daoine eile – an fhoireann agus na leanaí araon – a bhí buailte leis an bpaindéim. Mar chigireacht, d'fhoghlaimíomar freisin ar bhealach nua agus níos práinní an tábhacht a bhaineann le guth – ó bheith ag éisteacht le taithí gach duine inár bpobail LFC agus scoile – na leanaí, na tuismitheoirí, na cleachtóirí, na múinteoirí, na húnéirí, na bainisteoirí – agus na guthanna sin a chur san áireamh go hionchuí inár gcuid oibre le suíomhanna agus le scoileanna.

Agus muid ag breathnú chun cinn go dóchasach sa bhliain acadúil nua, ba mhaith liom a chur in iúl duit go bhfuil ciorclán do shuíomhanna LFC á fhoilsiú againn ina mbeidh mionsonraí faoinár bpleananna. D'fhoilsíomar le déanaí freisin sonraí maidir lenár gcuid oibre cigireachta atá pleanáilte againn sa chóras oideachais i gcoitinne; is féidir leat rochtain a dhéanamh ar na ciorcláin ábhartha ag: <https://www.gov.ie/ga/ciorclan/ab70a-socruithe-maidir-le-rannphairtíocht-na-cigireachta-le-bunscoileanna-agus-scoileanna-speisialta-scoilbhliain-20212022/> agus <https://www.gov.ie/ga/ciorclan/98933-socruithe-maidir-le-rannphairtíocht-na-cigireachta-le-hiar-bhunscoileanna-agus-le-hionaid-oideachais-don-scoilbhliain-20212021/>

Thosaigh ár gcuid gníomhaíochtaí cigireachta i suíomhanna LFC arís i mí Aibreáin 2021, agus go bunúsach, tá sé i gceist againn leanúint ar aghaidh leis an obair seo a bhealach atá chomh normálta agus is féidir le linn na bliana acadúla 2021-22. San áireamh inár gcuid oibre, beidh:

- Cigireachtaí Oideachas Luathbhlianta (COLanna) agus cigireachtaí Leantacha (CL). Tá mionsonraí faoi na cigireachtaí sin leagtha amach sa Treoir don Chigireacht Oideachas Luathbhlianta atá ar fáil ag: <https://assets.gov.ie/25240/4c576987572a4d458f271d2d21bcda9e.pdf>



- Taighde agus forbairt chun tacú le Cigireachtaí Oideachas Luathbhlianta (COLanna) na Roinne Oideachais a leathnú amach ina mbeidh meastóireacht ar an soláthar oideachais do leanaí idir 0 agus 3 bliana i gcomhréir leis an ngealltanas in Na Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanáí Óga agus a dTeaghlach
- Straitéisí a chur i bhfeidhm le guth níos láidre a thabhairt do leanaí agus dá dtuismitheoirí le linn na gcigireachtaí
- Torthaí na cigireachta oideachais agus acmhainní oideachais a scaipeadh – go háirithe trí fhoilseachán leanúnach shraith seimneár gréasáin Chigireacht na Roinne Oideachais, Léargas, Cáilíocht san Oideachas Luathbhlianta (<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/leargas/>).

Táimid fós go hiomlán tiomanta le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe sa Chigireacht Luathbhlianta de chuid Tusla lena chinntiú go ndéantar ár ngníomhaíochtaí a chomhordú agus go bhfuil siad i gcomhréir a chéile ar mhaithe leis na leanaí. Déanfaimid iarracht freisin cur chuige bunaithe ar láidreachtaí a bheith againn i dtreo ár gcuid oibre, agus aitheantas a thabhairt d'obair ghairmiúil na foirne sna Suíomhanna Luathfhoghlama agus Chúraim, agus fiúntas a thabhairt don obair sin freisin.

Ag an bpointe seo, is mian liom buíochas a ghabháil leat as an tacaíocht a chuir tú ar fáil le linn na bliana acadúla deiridh agus táim ag súil go mór le dóchas go mbeidh 2021-2022 sábháilte, rathúil agus sona do gach duine.

Harold Hislop
Príomhchigire



An Roinn Oideachais
Department of Education